Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

An Oifig Forbartha Pobail

# Lámhleabhar Chumann na nÁitritheoirí

Ag Cuidiú leat Pobail níos Fearr a Chruthú




fingal.ie

# Lámhleabhar Chumann na nÁitritheoirí

**Ag Cuidiú:** *Foghlaim, plé, fás, cónaí*

**Leat:** *Fás, múineadh, bualadh le chéile, caint, foghlaim,*

**Pobail níos fearr:** *Níos cairdiúla, níos críonna,níos sona, níos sláintiúla*

**A thógáil:** *Páiste, Tuismitheoir, Deirfiúr, Deartháir, Comharsa*

Is é aidhm an lámhleabhair seo treoir agus cúnamh a sholáthar do phobail, ó chéim bhunaithe an chumainn, chuig forbairt agus cothú an chumainn sin. Is í an Oifig Forbartha Pobail a cheap an lámhleabhar seo mar thacaíocht don obair a dhéanann an oifig le grúpaí pobail, lena n-áirítear tionóntaí, áitritheoirí agus eagraíochtaí ionadaíocha.

Leagtar amach sa lámhleabhar seo tuiscint shoiléir ar cad is róil agus freagrachtaí an ghrúpa a ghlacann air féin feidhm cheannaireachta mar ionadaí thar ceann eastáit, ceantair nó pobail chun feabhas a chur ar an timpeallacht chónaithe.

Is é is cuspóir do na samplaí praiticiúla arna dtabhairt tríd síos ná eolas éasca le tuiscint agus cúnamh a sholáthar dóibhsean atá ag obair i gcomhthéacs forbartha pobail.

Tá súil againn go mbeidh an foilseachán seo ina chúnamh do do ghrúpa agus táimid ag tnúth le bheith ag tacú leat san iarracht agat pobail níos fearr a thógáil.

# Clár Ábhair

- *Cad is féidir linn a thairiscint do do ghrúpa*
- *Ról na hOifige Pobail*
- *Cad is Cumann Áitritheoirí ann?*
- *Tús a chur leis an obair*
- *Róil & freagrachtaí an choiste*
- *Cén fáth an mbeadh bunreacht agat*
- *Aithne a chur ar do chomhairleoir áitiúil*
- *Oibrithe deonacha a chomeád*
- *Do Chumainn Áithritheoirí a reáchtáil*
- *Tacaíocht do Chumainn Áitritheoirí*

# Cad is féidir linn a thairiscint do do ghrúpa:


## *Céard a dhéanann do Chumann Áitritheoirí áitiúil?*.

Déanann do Chumann Áitritheoirí áitiúil ionadaíocht thar ceann gach baill den eastát/ceantar, agus téann siad i ngleic le saincheisteanna/cúiseanna imní éagsúla, e.g. feabhas a chur ar an timpeallacht, tionscadail phobail mar shampla tionscadail samhraidh agus glanadh suas. Chomh maith leis sin, déanann Cumann na nÁitritheoirí ionadaíocht thar ceann gach baill den eastát trí obair i ndlúthpháirt leis an údarás áitiúil agus le gníomhaireachtaí eile chun an t-eastát/ ceantar a chothabháil agus feabhas a chur air.

## *Maidir le Comhairle Contae Fhine Gall:*

Is comhairle contae muid i dtuaisceart Bhaile Átha Cliath a bhfuil oifigí againn i Sord agus i mBaile Bhlainséir. Freastalaímid ar limistéar geografach de 425 chiliméadar cearnach a chuimsíonn pobail tuaithe, uirbeacha agus fho-uirbeacha agus is ann atá gnéithe ríthábhachtacha den bhonneagar náisiúnta agus réigiúnach lonnaithe, Aerfort Bhaile Átha Cliath san áireamh. Cuirimid raon seirbhísí ar fáil dár saoránaigh – saoráidí pobail & fóillíochta, tithíocht, pleanáil, seirbhísí comhshaoil, seirbhísí iompair, agus tacaí gnó, i measc a lán seirbhísí eile.

Oibríonn an Oifig Forbartha Pobail i gcúig cinn de limistéir gheografacha ar fud Chontae Fhine Gall, i gcomhpháirt le pobail agus grúpaí, agus tacaíonn le hiarrachtaí a dhéanann pobail áitiúla agus eagraíochtaí deonacha chun athruithe a chur i bhfeidhm.




**Oifigeach Pobail**

**SCAN ANSEO**

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin Oifigeach Pobail atá ainmnithe do do cheantar téigh i dteagmháil linn ag **01 890 5080**. Is féidir teacht ar eolas maidir lenár seirbhísí go léir ar ár suíomh gréasáin **www.fingal.ie**

# Ról na hOifige Pobail

## Oibríonn an Oifig Pobail chun cuidiú le grúpaí pobail na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Tathant ar áitritheoirí bheith ina mbaill de Chumann na nÁitritheoirí
- Eolas agus oiliúint a sholáthar maidir le ról agus freagrachtaí Chumann na nÁitritheoirí i.e. oifigigh an Choiste, Cathaoirleach, Rúnaí, glacthóir miontuairiscí, Cisteoir.
- Cuidiú le pleanáil an Chruinnithe Chinn Bhliana
- Páirt a ghlacadh i múnlú bhunreacht Chumann na nÁitritheoirí, lena n-áirítear aidhmeanna agus cuspóirí an ghrúpa
- Tathant ar ghníomhaireachtaí reachtúla cuí agus grúpaí forbartha áitiúla eile tacú leis an gcumann e.g. Tionscadail Forbartha Pobail, Ionaid Acmhainní Teaghlaigh, TUSLA agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- Plean oibre a fhorbairt chun dul i ngleic le fadhbanna áitiúla agus aontú ar na gníomhartha is gá chun dul i ngleic leis na saincheisteanna sin
- Cur isteach ar mhaoiniú chun gníomhartha an phlean oibre a bhaint amach
- Cur isteach ar mhaoiniú chun gníomhartha an phlean oibre a bhaint amach
- Cuairt ar Oifigí na Comhairle Contae a eagrú más féidir, nó eolas a chur ar fáil maidir le rannóga na Comhairle, mar shampla liosta teagmhálaithe i ngach rannóg
- A gcuid oibre a chur chun cinn ar fud an eastáit trí nuachtlitreacha, bileoga eolais, cláir fógra, suíomhanna gréasáin meáin shóisialta etc.
- Dul chun cinn a dhéanamh ar shaincheisteanna agus fadhbanna san eastát a mbeadh baint ag Comhairle Contae Fhine Gall leo
- Naisc a chruthú le Cumainn Áitritheoirí cosúla atá ar bun cheana féin
- Eolas a sholáthar le haghaidh cruinnithe Toscaireachta leis an Údarás Áitiúil agus maidir le deiseanna maoiniúcháin
- Foinsí oiliúna a aimsiú agus iad a sholáthar i gcás gur féidir é
- Tathant ar ghrúpaí clárú ar Chlár Contae Pobail Fhine Gall

# Deiseanna oiliúna chun cuidiú le do Chumann Áitritheoirí

Trí mheán an chláir 'Conair i dtreo an Rannpháirteachais' cuireann an Oifig Forbatha Pobail deiseanna oiliúna ar fáil do ghrúpaí pobail chun cuidiú leo forbairt laistigh dá bpobal áitiúil. Cuirimid oiliúint ar fáil sna réimsí seo a leanas:

- Beartú ar aidhmeanna agus cuspóirí soiléire
- Róil agus freagrachtaí an ghrúpa/an oifigigh
- Plean oibre/gnó a fhorbairt
- Cruinnithe éifeachtacha a reáchtáil
- Airgeadas a bhainistiú
- Forbairt ar Ghrúpaí Pobail
- Bunreacht a fhorbairt
- Réiteach aighnis
- Oiliúint sa cheannaireach



# Cad is Cumann Áitritheoirí Ann?

Is éard is Cumann Áitritheoirí ann grúpaí de dhaoine áitiúla, atá ina gcónaí in eastát tithíochta nó i mbloc árasán, a oibríonn i gcomhar lena chéile chun feabhas a chur ar an timpeallacht chónaithe chun a chinntiú go mbeidh ionadaíocht mhaith ag an gceantar ar eagraíochtaí reachtúla.

D'fhéadfadh baill an Chumainn Áitritheoirí a bheith déanta suas de dhaoine a bhfuil a dteach féin acu/atá ag ceannach tí agus de thionóntaí atá ina gcónaí i dtithe ar cíos a bhaineann le tiarnaí talún príobháideacha nó leis an údarás áitiúil. Le blianta beaga anuas, bhí roinnt mhaith forbairtí tithíochta déanta suas de mheascán tionachtaí. Mar sin, is minic a bhíonn na Cumainn Áitritheoirí ionadaíoch do mheascán d'úinéirí tí, de thithíocht shóisialta (an t-údarás áitiúil), de chomharthithtíocht agus de theaghlaigh a bhfuil tithe príobháideacha ar cíos acu.

I roinnt de na pobail tuaithe i bhFine Gall tá teaghlaigh nach bhfuil ina gcónaí in eastát tithíochta agus ó am go chéile bunaíonn siadsan Comhairle Pobail. Sna heagraíochtaí pobail seo is minic a bhíonn baill ann ó ghrúpaí áitiúla spóirt agus pobail le hionadaíocht ar a choiste, ach feidhmeoidh sé ar an mbealach céanna is a dhéanann Cumann Áitritheoirí.

Saintréithe cumainn áitritheoirí:

Feasacht ar shaincheisteanna a ardú
Ionadaíocht a dhéanamh thar ceann bhaill an eastáit
Aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna san eastát
Tionchar a imirt ar lucht déanta cinntí
Deis guth a chloisteáil
Timpeallacht áitiúil a chothabháil agus a fheabhsú
Gníomhaíochtaí áineasa agus sóisialta a spreagadh
Iarratais ar fheabhsú a dhéanamh ar an eastát
Tabhairt faoi thionscadail speisialta phobail ar nós glantacháin, tionscadail samhraidh

# Príomhfheidhmeanna an Chumainn Áitritheoirí:



- Tuairimí agus riachtanais an phobail áitiúil a chur in iúl
- An pobal a choinneáil ar an eolas faoi shaincheisteanna agus faoi thionscnaimh nua atá ar siúl sa cheantar
- Gníomhaíochtaí a eagrú, a fhreagraíonn ar shaincheisteanna agus ar riachtanais áitiúla
- Tuairimí agus riachtanais an phobail áitiúil a chur in iúl

### *Ag obair i gcomhar le Comhairle Contae Fhine Gall*

D'fhéadfá cuireadh a thabhairt do d'Oifigeach Forbartha Pobail Áitiúil/d'ionadaí ón gComhairle freastal ar do chruinniú agus beidh an té sin in ann forléargas a thabhairt duit ar ról an údáráis áitiúil i do cheantar agus comhairle a chur ort maidir le ceann de na nithe seo a leanas: ►

- Conas an Cumann Áitritheoirí a chlárú le Comhairle Contae Fhine Gall
- Tacaíocht a sholáthar maidir le bhur mbunreacht féin a cheapadh
- Oiliúint a sholáthar maidir le scileanna, róil agus freagrachtaí an choiste
- Foinsí féideartha maoiniúcháin agus tionscnaimh áitiúla a sholáthar do do ghrúpa
- Comhairle phraiticiúil a chur ar fáil maidir leis na chéad chéimeanna eile

### *Do Chumainn Áithritheoirí a chlárú*

Is tionscnamh é Clár Contae Phobail Fine Gall de chuid Comhairle Contae Fhine Gall agus Gréasán Rannpháirteachas Poiblí Fhine Gall. Is bonnachar sonraí é na heagraíochtaí go léir i bhFine Gall atá gníomhach idir eagraíochtaí pobail agus dheonacha, agus eagraíochtaí ionchuimsiú sóisialta agus timpeallachta. Chun do Chumainn Áithritheoirí a chlárú le Comhairle Contae Fhine Gall, scan anseo.

**Cláraigh do Chumann Áitritheoirí**

**SCAN ANSEO**

# Tús a chur leis an obair



## *Tabhair cuireadh do dhaoine páirt a ghlacadh sa chumann:*

An bealach is fearr chun áitritheoirí a spreagadh ná rud éigin dearfach a dhéanamh san eastáit agus iarraidh ar dhaoine lámh chúnta a thabhairt. Nuair a fheiceann daoine na torthaí a bhíonn ar ghníomhartha dearfacha, beidh fonn níos mó orthu páirt a ghlacadh. Bealach eile chun daoine a spreagadh bheith páirteach ná trí rud éigin dearfach a dhéanamh i d'eastát agus cuireadh a thabhairt do dhaoine cuidiú leat sna iarracht sin. Nó d'fhéadfaí maidin caifé a reáchtáil agus cuireadh a thabhairt do dhaoine ó do phobal áitiúil plé ginearálta a bheith acu maidir leis na feabhsuithe a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm sa cheantar. Ag an gcruinniú seo tá sé tábhachtach a chinntiú go mbraithfeadh na daoine atá ag freastal ar an ócáid go gcuirfeadh an Cumann Áitritheoirí mórfháilte roimh a n-ionchur.

## *Do Chumann Áitritheoirí a Bhunú:*

Tráth a bhfuil Cumann Áitritheoirí á bhunú, tá cúpla rud nach miste a chur san áiream:

- Socraigh spriocanna réadúla
- Déan do dhícheall tathant ar an méid daoine agus is féidir páirt a ghlacadh sa chinnteoireacht agus freagrachtaí a ghlacadh orthu féin
- Coinnigh gach duine ar an eolas faoina bhfuil ag tarlú
- Cuir ina luí ar na hoibrithe deonacha go mbeidh orthu gealltanas a thabhairt roinnt dá gcuid ama a chur ar fáil chun freastal ar chruinnithe rialta

## *An chéad chruinniú:*

Is é cuspóir an chéad chruinnithe:

- Oibrithe deonacha a earcú a chuideoidh leat an Cumann Áitritheoirí a reáchtáil
- Cruinniú poiblí a eagrú chun oibrithe deonacha eile a earcú agus cuireadh a thabhairt do na háitritheoirí go léir ó do cheantar freastal air
- Ceisteanna comónta a phlé a mbeidh acu ar do cheantar, dul i ngleic leo agus breithniú a dhéanamh ar na bealaí go léir ina bhféadfaí déileáil leis na saincheisteanna sin
- Teorainneacha a shocrú a áireofar faoi shainchúram an Chumainn Áitritheoirí




### *An Liosta le nithe le déanamh:*

- Socraigh dáta
- Eagraigh an t-ionad
- Leag síos clár oibre
- Déan fógraíocht don chruinniú
- Tabhair cuireadh don phobal áitiúil
- Tabhair cuireadh do d'Oifigeach Forbartha Pobail ó CCFHG agus do do chomhairleoir áitiúil.

**Comhairleoir Áitiúil**

SCAN ANSEO



## *Cumarsáid mhaith:*

Tá sé den riachtanas go bhforbrófaí straitéis mhaith chumarsáide chun daoine a choinneáil ar an eolas faoina bhfuil ar siúl ag a gCumann Áitritheoirí ina gceantar féin. Tá roinnt bealaí chun cumarsáid mhaith a chinntiú i do cheantar:

- Foilsigh nuachtlitir
- Fan i dteagmháil le grúpaí pobail eile agus iarr orthusan an t-eolas a scaipeadh i measc a mball féin
- Labhair le Príomhoide agus/nó leis an Oifigeach Teagmhála Baile/Scoile i do scoil áitiúil agus faigh cead uathu bileoga eolais a chur abhaile leis na daltaí sna málaí scoile nó grúpthéacs a sheoladh amach


## *Comhdheiseanna:*

Do Chumann Áitritheoirí, ciallaíonn comhdheiseanna bheith cinnte go bhfuil an seans céanna ag gach duine, is cuma an cúlra atá acu, páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí an ghrúpa agus tairbhe a bhaint astu. Is éard atá i gceist ná difríochtaí a aithint agus a chinntiú go mothaíonn gach duine go bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí an ghrúpa agus go bhfuil tacaíocht ann dóibh.



## Coiste a bhunú:

Ba chóir do choiste a bhunú de réir bhunreacht do ghrúpa. De ghnáth bíonn toghcháin ann gach bliain nó gach dara bliain ag an gcruinniú cinn bhliana. Is é ról an choiste a chinntiú go mbeadh an Cumann Áitritheoirí ag feidhmiú de réir théarmaí an bhunreachta agus go mbeadh sé sofhreagrach do riachtanais an phobail.




## Noda chun cruinniú éifeachtach a reáchtáil:

- Cloí leis an méid ama a cuireadh ar leataobh don chruinniú **(90 nóiméad a a mhéid!!)**
- Múch gach guthán póca nó cuir sa mhód ciúin iad
- Aontaigh ar bhunrialacha don ghrúpa

## Deachleachtas Ar Líne:

- Is bealach iontach iad cruinnithe a óstáil ar líne chun an rannpháirteachas a mhéadú agus chun go mbeidh seans ag gach duine bheith páirteach ann. Seo thíos roinnt noda roimh ré!
- Cuir tús leis tríd an nasc a roinnt don chruinniú roimh ré mar aon le clár oibre simplí. Ar an dóigh sin, beidh a fhios ag gach duine cad é a bheidh rompu.
- Roghnaigh ardán ar féidir brath air agus ar féidir a úsaid go héasca, agus bí cinnte go bhfuil duine réidh chun an comhrá a óstáil agus a threorú.

Éiligh go gcoinneofaí faoi rún gach rud a phléitear ag an gcruinniú (rúndacht)


- Cuirtear na ceisteanna trí mheán an Chathaoirligh i gcónaí
- Léirítear meas ar thuairimí a chéile
- Iarr ar dhaoine iad féin a bhalbhú nuair nach bhfuil siad ag labhairt. Ar an dóigh seo, imeoidh gach rud go réidh agus ní chuirfear isteach ar na daoine atá ag labhairt, ach spreag gach duine a gceamaraí a chur ar siúl – is deas i gcónaí aghaidh chairdiúil a fheiceáil!

## *Ag ullmhú don chruinniú:*

.An ní is tábhachtaí ar fad a dhéanann coiste nuair a thagann sé le chéile ná cinntí a dhéanamh. Cuirtear gach gnó i gcrích ag na cruinnithe agus le go mbeadh na cruinnithe éifeachtach ba chóir go ndéanfaí iad a phleanáil go maith agus go gcinnteofaí go mbeadh an chinnteoireacht éifeachtach.

- Ba chóir go meabhrúfar do bhaill an choiste go mbeidh cruinniú ar siúl seachtain amháin ar a laghd roimh an chuinniú
- Beidh liosta míreanna le plé ann do gach cruinniú – an clár oibre
- Aon mhíreanna a bheidh le plé ar an oíche, ba chóir iadsan a chur chuig an gCathaoirleach roimh an gcruinniú
- Aon mhíreanna nua a bhfuil sé i gceist iad a chur leis an gclár oibre ag tús an chruinnithe, cuirtear iadsan faoi AGE (aon ghnó eile)
- Déan cinnte de go mbeidh córam an ghrúpa i láthair ag an gcruinniú. Ba chóir go mbeidh 1/3 de bhaill an ghrúpa móide 1 i láthair chun go mbeidh an cruinniú ábalta dul ar aghaidh. Tugtar córam air seo.
- Ba chóir go gcuirfí tús leis an gcruinniú laistigh de 10 nóiméad ón am a socraíodh
- Ba chóir go mbeadh an cruinniú in ionad oiriúnach i.e. dóthain spáis, compordach, áit a chinnteoidh rúndacht agus an cur isteach is lú agus is féidir.

*De ghnáth tagann Cumainn Áitritheoirí le chéile uair nó dhó sa mhí.*






## *An Clár Oibre:*

- Is éard atá sa chlár oibre liosta saincheisteanna ar mhian libh a phlé ag bhur gcruinniú
- Leis an gclár oibre cinntítear go mbeidh an cruinniú éifeachtach, struchtúrtha agus spriocdhírithe
- Ba chóir don Rúnaí agus don Chathaoirleach an clár oibre a ullmhú

### *Ba chóir na nithe seo a leanas a chur san áireamh ar an gclár oibre:*

- Ainm an ghrúpa
- Dáta agus ionad an chruinnithe
- Liosta na míreanna agus iad liostáilte in ord tosaíochta
- Teorainn ama do gach mír a bheidh le plé

**Cruinniú de (Ainm an Ghrúpa Áithritheoirí)**

**Dáta agus am an chruinnithe**

| **Clár Oibre** | |
|---|---|
| **1.** | Fáilte agus daoine a chur in aithne dá chéile |
| **2.** | Leithscéalta |
| **3.** | Miontuairiscí ón gcruinniú deireanach |
| **4.** | Nithe ag eascairt as na miontuairiscithe sin |
| **5.** | Comhfhreagras |
| **6.** | Míreanna le plé (Mír 1) |
| **7.** | Mír 2 |
| **8.** | Mír 3 |
| **9.** | Aon ghnó eile |
| **10.** | Dáta, ionad agus am an chéad chruinnithe eile |

***Déan deimhin de go mbeidh dóthain ama ann chun gach mír an gclár oibre a phlé.***

## *Miontuairiscí an chruinnithe:*

Glacfaidh an Rúnaí miontuairiscí an chruinnithe agus cuirfidh dréachtchóip de na miontuairiscí sin chuig an gCathaoirleach chun iad a aontú agus ansin chuig gach ball den choiste. Déanfar na miontuairiscí sin a aontú roimh an gcéad chruinniú eile.




# Róil & Freagrachtaí an Choiste

## *Ball coiste:*

Má tá tú le bheith i do bhall ar choiste, ní leor freastal ar na cruinnithe amháin, cé go bhfuil sé sin ar an bpríomhthasc agat. Ba chóir go mbreathnófá ar do ról mar ról gníomhach agus ní mar ról éighníomhach. Cé go mbeidh gá freastal ar chruinnithe, beidh gá a bheith in iúl freisin ar na cinntí a ndéanfaidh do choiste údarú orthu, agus obair i gcomhar le baill eile an choiste chun teacht ar chomhdhearcadh ionas go mbeifear in ann gnó a bhrú ar aghaidh trí struchtúr an choiste.

## *Is iad baill an choiste an chuid is tábhachtaí den Chumann Áitritheoirí*

An ról atá acu ná:

- Freastal ar chruinnithe
- Cuidiú le heagrú imeachtaí
- Cur leis an bplé
- Aiseolas a thabhairt ar shaincheisteanna san eastát
- A chinntiú go bhfuil gach rud a pléadh sa ghrúpa príobháideach agus faoi rún
- Cinntí a dhéanamh bunaithe ar leaas is fearr an phobail áitiúil
- Tacú leis an gcoiste agus glacadh le vótaí an mhóraimh
- Obair le chéile mar fhoireann
- Cuidiú le dáileadh nuachtlitreacha/bileog eolais sa cheantar áitiúil nuair a bheidh gá leis
- Aiseolas a fáil ó do chomharsanacht maidir le saincheisteanna atá á bplé ag cruinniú an Chumainn Áitritheoirí

# Róil na nOifigeach:

## An Cathaoirleach

Is é príomhról an Chathaoirligh an coiste a stiúradh agus cruinnithe a éascú. I measc phríomhfhreagrachtaí an Chathaoirligh tá siad seo a leanas:

- A bheith go hiomlán ar an eolas faoi na gníomhaíochtaí a bhíonn ar bun ag an ngrúpa
- A chinntiú go bhfuil na tascanna a dáileadh ar bhaill eile den choiste á gcomhlíonadh go tráthúil
- Freagracht a ghlacadh as éascú a dhéanamh ar an ngrúpa a bheith ag obair go maith lena chéile chun aidhmeanna an choiste a bhaint amach agus cúnamh agus tacaíocht a sholáthar de réir mar is gá, ag cinntiú go dtugtar an deis do dhaoine labhairt amach
- Feidhmiú mar a bheadh urlabhraí agus ionadaíocht a dhéanamh ar an gcoiste ar eagraíochtaí, líonraí seachtracha, etc.
- Cuidiú leis an gcoiste a fhócas a choinneáil ar bhaint amach a aidhmeanna, a chuspóírí agus a phleananna oibre
- Cinntí éigeandála a dhéanamh idir cruinnithe nuair is gá de réir ghnáthaimh aontaithe an choiste
- Pleanáil agus reáchtáil an chruinnithe (nó é a tharmligean más gá)
- A chinntiú go mbeadh gach eolas is gá ar fáil do bhaill an choiste
- A chinntiú go gcoinnítear taifid imleor de na cruinnithe
- A chinntiú go ndéantar pleananna a aontú le linn an chruinnithe agus go gcuirtear i bhfeidhm iad

## An Leas-Chathaoirleach

Seasann an Leas-Chathaoirleach isteach don Chathaoirleach nuair is gá agus cuireann tacaíocht riaracháin ar fáil de réir mar is gá.

## An Rúnaí

Is é príomhról an Rún a chinntiú go gcoinnítear gach duine ar an eolas. I measc phríomhfhreagrachtaí an Rúnaí tá na nithe seo a leanas:

- Miontuairiscí a thógáil (nótaí a thógáil le linn an chruinnithe)
- Litreacha a scríobh go hoifigiúil thar ceann an ghrúpa
- Comhfhreagras a fháil thar ceann an ghrúpa agus an grúpa a choinneáil ar an eolas is déanaí faoin gcomhfhreagras
- Liosta de na baill reatha ar an gcoiste a choinneáil

D’fhéadfaí duine eile a cheapadh chun miontuairiscí a ghlacadh chun an brú a laghdú ar an Rúnaí, ach bheadh sé seo faoi lánrogha an ghrúpa féin.

### Miontuairisceoir


- Cruinnithe a eagrú e.g. am agus áit etc.
- Dréachtchlár oibre a dhréachtú i gcomhar leis an gCathaoirleach
- Miontuairiscí a ghlacadh
- Miontuairiscí a scríobh suas agus a scaipeadh ar bhaill an choiste roimh an gcéad chruinniú eile

# **Róil na nOifigeach** (ar lean):

## *An Cisteoir*

Is é an Cisteoir an té atá freagrach as gnáthchistí laethúla an Chumainn Áitritheoirí. Bíonn siad freagrach as leabhair bheachta chuntais a choinneáil. Is gá a mheabhrú, áfach, gurb ar an gcoiste féin atá an fhreagracht fhoriomlán as a chinntiú conas a úsáidtear cistí agus as a chinntiú go ndéantar iad a bhainistiú i gceart.


- Beartais agus gnáthaimh airgeadais a cheapadh le faomhadh an choiste
- Cuntas bainc a oscailt
- Monatóireacht a dhéanamh ar ioncam agus caiteachas an ghrúpa
- A chinntiú go ndéantar gach fáltas a lóisteáil isteach i gcuntas bainc an ghrúpa
- A chinntiú go ndéantar deimhin de go bhfuil sonraisc agus fáltais ann do gach íocaíocht a dhéantar
- An coiste a choinneáil ar an eolas faoi staid airgeadais na heagraíochta
- Tuairisc airgeadais a chur i láthair ag gach cruinniú
- Súil a choinneáil ar an mbuiséad
- Cuntais a chur i láthair ag CCB na heagraíochta
- Ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na heagraíochta agus iarratais ar mhaoiniú á gcur isteach.



### *Ról Ghnáthbhaill an Choiste*

Tá ról fhíorbhábhachtach ag gnáthbhaill an choiste maidir le tacú leis an obair ghinearálta a dhéanann Cumann Áitritheoirí. Tugann siad smaointe úra isteach, cuidíonn siad le pleanáil agus le himeachtaí a óstáil, agus cinntíonn siad go mbíonn cumarsáid mhaith ann idir bhaill foirne. Cé nach mbíonn ról ceannaireachta faoi leith acu, is iad cnámh droma an choiste iad ós rud é go bhfuil siad réidh le saincheisteanna a phlé agus lámh chúnta a thabhairt nuair is gá. Is éard atá i gceist ná obair foirne, comhoibriú, agus tionchar dearfach a imirt le chéile!

# Cén fáth a mbeadh Bunreacht againn?




Tá an Bunreacht ar cheann de na cáipéisí is tábhachtaí a bheidh ag an ngrúpa. Is éard atá ann cur síos ar aidhmeanna agus cuspóirí an ghrúpa agus leagtar amach ann na rialacha a úsáidfidh an grúpa. Is cur síos i scríbhinn é ar an tuiscint atá ann faoi cad a dhéanfaidh do ghrúpa agus conas a dhéanfaidh sé é sin. Má tá Bunreacht dea-scríofa agaibh beifear níos fearr in ann dul i ngleic le beagnach aon fhadhb a bheadh agaibh i reáchtáil gnáthchúrsaí laethúla na heagraíochta.

Tá sé tábhachtach ar na cúiseanna seo a leanas:

- Gan an tuiscint scríofa seo d'fhéadfadh daoine a bheidh ag tabhairt faoi nithe a bheadh ag teacht salach ar a chéile, agus dá bharr sin ní chuirfí jabanna i gcrích
- Teastóidh ó dhaoine seachtracha, go háirithe maoinitheoirí/urraitheoirí féideartha a fheiceáil go bhfuil do ghrúpa daonlathach agus cuntasach. Chuige sin, is gá gnáthamh soiléir a bheith ann faoi cad iad na cinntí is gá a dhéanamh.
- Feidhmeoidh sé mar phointe tagartha agus cuideoidh sé fadhbanna a réiteach tráth a mbeadh conspóid ann.

Ar an gcúis sin tá sé tábhachtach Bunreacht a fhorbairt a léiríonn go fírinneach an chaoi a dteastaíonn ó do ghrúpa a ghnó a reáchtáil.

# An Bunreacht:

Is éard atá sa Bhunreacht cáipéis fhoirmiúil ina leagtar amach liosta na rialacha scríofa a rialaíonn aidhmeanna d'eagraíochta, a chuireann síos ar conas a reáchtáilfear gnó an ghrúpa agus conas a oibreoidh a bhaill lena chéile. Go ginearálta, áireofar an t-eolas seo a leanas sa Bhunreacht:

1. Ainm an ghrúpa / an chumainn
2. Aidhmeanna agus cuspóirí d'eagraíochta (cén fáth a bhfuil an grúpa ann agus cad a theastaíonn ón ngrúpa a bhaint amach)
3. Cumhachtaí (téarmaí tagartha an ghrúpa)
4. Ballraíócht (cé haid na daoine ar féidir leo a bheith ina mbaill den ghrúpa/eagraíocht)
5. Coiste Bainistíochta (ionadaíocht)
6. Oifigigh (róil agus freagrachtaí agus cearta vótála)
7. Cruinnithe (minicíocht, fad etc.)
8. An Cruinniú Cinn Bliana/Cruinniú Ginearálta Urghnách
9. Córam le haghaidh cruinnithe
10. Airgeadas (próiseas le haghaidh bainistíocht airgeadais)
11. Díscor an ghrúpa
12. Athruithe nó leasuithe ar an mBunreacht

Sula bhforbraíonn tú do Bhunreacht, nó sula leasaíonn tú é, ba chóir go leagfaí amach go soiléir cad iad na haidhmeanna a bhfuil sé beartaithe ag an ngrúpa iad a bhaint amach. Tá sé tábhachtach tuairimí a fháil ón méid is mó daoine agus is féidir sula ndéantar an Bunreacht a dhréachtú agus is gá é a chomhaontú go foirmiúil agus is gá do bhaill an Chumainn Áitritheoirí glacadh leis ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil.

**Is féidir leis an Oifig Forbartha Pobail oiliúint a sholáthar agus cuidiú leat do bhunreacht a fhorbairt.**



## *Cód Iompraíochta:*

Chun a chinntiú go bhfeidhmeoidh do ghrúpa go maith moltar daoibh bunrialacha a fhorbairt a mbeidh ar gach ball den Chumann Áitritheoirí cloí leo.

De ghnáth is cáipéis ar leith atá sa chód iompraíochta a fhorbraíonn an grúpa agus a chuirtear ar taispeáint ag gach cruinniú nó ó am go chéile.

***I measc na rialacha samplacha don chruinniú, d'fhéadfaí iad seo a leanas a úsáid:***

- Léirigh meas ar thuairimí a chéile
- Éist leis an gcainteoir
- Cloígh leis an gclár oibre
- Bíodh cosc ar an bhfón póca
- Bíodh cosc ar chaint mhaslach
- Bíodh cosc ar chaint chiníoch
- Coinnigh gnó an ghrúpa faoi rún i gcónaí



# Bíodh aithne agat ar do chomhairleoir áitiúil



**Conas teacht ar do Chomhairleoir Áitiúil**

**SCAN ANSEO**

Is ionadaithe ar togadh go háitiuil iad Comhairleoirí de chuid Comhairle Contae Fhine Gall a dhéanann ionadaíocht ar son na bpobal ina gcónaíonn siad. Tá ról tábhachtach a Comhairleoirí maidir le beartais a fhorbairt agus cinntí a dhéanamh a rachaidh i bhfeidhm ar an bpobal, ar nós tithíocht, pleanáil agus an timpeallacht a chosaint. Tá siad freagrach freisin as rialachas agus maoirseacht a dhéanamh ar an gComhairle. Áirítear leis sin go n-oibreoidh an t-údarás áitiúil i gceart agus go ndéanfar cinntí critiúla faoi bhuiséid.

# Conas tionchar a bheith agat ar do Chomhairleoir áitiúil

### *Agus tú ag teagmháil le do Chomhairleoirí áitiúla:*

- **Bí soiléir:** Bíodh a fhios agat cad iad na hathruithe is mian leat a chruthú. Bí sonrach. Dírigh ar sprioc bheag amháin.
- **Cruthaigh naisc:** Tá daoine agus grúpaí cumhachtacha amach ansin. Déan teagmháil leo.
- **Bí oscailte agus solúbtha:** Aimsigh réiteach ar an gceist.
- **Cothaigh an caidreamh:** Bí i dteagmháil go rialta agus go gníomhach le do chomhairleoirí. Coimeád ar an eolas iad agus tabhair cuireadh dóibh do d'imeachtaí.
- **Crughaigh nasc pearsanta:** Iarr an féidir cruinniú aghaidh ar aghaidh a bheith agat leo.

### *Roimh duit dul chun cainte le do Chomhairleoir, bí ag smaoineamh ar an méid a leanas:*

- **Téigh i bpáirt:** Bí i dteagmháil le grúpaí nó le heagraíochtaí atá ann cheana féin atá ag déileáil le saincheisteanna mar sin nó a bhfuil na riachtanais chéanna acu.
- **Maoiniú a fháil:** Faigh amach an bhfuil cistí lánroghnacha ann nó deiseanna airgeadais eile ann chun tacú le tionscnaimh áitiúla.
- **Bí i dteagmháil le heagraíochtaí náisiúnta:** Ma tá ionchur agat ó eagraíochtaí áitiúla agus náisiúnta araon, cuirfidh sé seo le do chás.
- **Bí i do bhall den PPN & den chomhairle pobail áitiúil:** Tabharfaidh na hardáin seo bailíocht do do chuid iarrachtaí, tacóidh siad leat agus beidh tionchar acu ar dheiseanna.
- **Scéal do ghrúpa:** Bain úsaid as an deis seo chun do ghrúpa agus an méid atá bainte amach agaibh a chur i láthair.
- **Cuir an teachtaireacht in oiriúint:** Bí tuisceanach maidir le dearcadh an chomhairleora agus conas is féidir an saincheist a chur i láthair ar an mbealach is fearr a oirfidh leis an gclár agus an sainchúram atá acu.
- **Roinn an taithí saoil atá agat ar an tsaincheist faoi chaibidil:** Má chloiseann daoine faoi ó dhaoine a bhfuil taithí acu air, rachaidh sé sin i bhfeidhm go mór ar do lucht éisteachta.
- **Déan iarracht céimeanna beaga a thógáil, a n-éireoidh leo:** Tarlaíonn an t-athrú go mall. Déan iarracht an tsaincheist a bhriseadh síos i gcéimeanna beaga atá indéanta. Spreagfaidh sé sin thú chun leanúint ar aghaidh.

# D'oibrithe deonacha a choimeád

Tá sé taitneamhach agus tairbheach nuair a éiríonn leat rannpháirteachas agus spéis a mhúscailt i measc bhaill an chumainn áitritheoirí.

## *Múscail agus coinnigh spéis an phobail:*

Tá sé thar a bheith tábhachtach go mbraithfeadh do chomharsana go bhfuil siad páirteach agus dá mhéid daoine atá páirteach sa ghrúpa is ea is dóichí a bheidh sé go mbeidh tinreamh maith ag do chruinnithe.



## *Cad a oibríonn go maith?*

- Reáchtáil cruinnithe ag am a fheileann d'fhormhór an ghrúpa
- Reáchtáil cruinnithe in ionad ar féidir le formhór an ghrúpa teacht air go héasca agus atá lonnaithe sa chomharsanacht
- Déan deimhin de go gcoinnítear gach duine a fhreastalaíonn ar na cruinnithe cothrom le dáta ó thaobh cad a pléadh agus aontaigh ar bhealaí chun cinn
- Reáchtáil imeachtaí pobail a áireoidh daoine ón bpobal áitiúil
- Scaip tuairiscí chun dáta maidir lena bhfuil ag tarlú
- Féadfaidh baill den Chumann Áitritheoirí dul timpeall ó dhoras go doras sa cheantar ag lorg tuairimí an phobail áitiúil

# Nodanna chun daoine a spreagadh agus suim a mhúscailt iontu

## *Seo a leanas roinnt nodanna praiticiúla a chabhróidh leat pobal bríomhar agus gníomhach a chothú:*

- **Cuir fáilte mhór roimh gach duine:** Cuir tús le gach cruinniú trí fáilte ó chroí a chur roimh gach duine agus cuir soláistí ar fáil chun atmaisféar dearfach a chruthú.
- **Coimeád daoine ar an eolas go rialta:** Coimeád daoine ar an eolas le nuachtlitreacha nó ar ghrúpaí WhatsApp agus cuir fáilte i gcónaí roimh aiseolas.
- **Bí Oscailte agus Solúbtha:** Éist le smaointe nua agus le haiseolas ó na baill ionas go mbeidh fonn orthu leanúint ar aghaidh agus go mbraithfidh siad go bhfuil siad páirteach.
- **Spreag ceannaireacht:** Tabhair an deis do gach duine bheith ina gceannairí. Spreag iad chun seilbh a ghlacadh ar thionscadail agus roinn freagrachtaí an choiste amach.
- **Dírigh ar Thionscadail Phobail:** Pleanáil tionscadail a bhfuil suim ag na baill iontu agus agus a théann chun tairbhe an phobail, ar nós glanadh suas nó plandaí a chur. Bí réadúil maidir le spriocanna chun an díograis a chothú agus chun go mothóidh siad go bhfuil éacht bainte amach acu.
- **Bí gníomhach ar na Meáin Shóisialta:** Bí gníomhach go sóisialta trí phictiúir a roinnt ar ardáin na meáin shóisialta, eolas a scaipeadh agus buíochas a ghabháil.
- **Tabhair aitheantas do mhéid a dhéanann daoine:** Cuir in iúl le linn cruinnithe nó i luachtlitreacha go n-aithníonn tú an méid a dhéanann na baill. Tabharfaidh sé seo adrú meanman dóibh.
- **Bí ag ceiliúradh le chéile:** Tabhair aitheantas agus bí ag ceiliúradh mar ghrúpa. Eagraigh gníomhaíochtaí spraíúla a mbeidh suim ag gach duine iontu nuair is féidir.



# Conas plean oibre an Chumainn Áitritheoirí a fhorbairt?

Le linn na chéad chruinnithe den Chumann Áitritheoirí moltar don ghrúpa plean oibre a fhorbairt. Is éard is plean oibre ann liosta tascanna a d'aontaigh an coiste cúram leantach a dhéanamh díobh. De ghnáth is saincheisteanna/cúiseanna imní iad na tascanna a ardaíodh ag cruinnithe nó le linn na gcuairteanna ó dhoras go doras a tugadh ar dhaoine sa chomharsanacht. Tráth a bhfuil an plean oibre seo á fhorbairt is gá mionsonrú a dhéanamh ar na gníomhartha riachtanacha chun a chinntiú go mbainfear amach gach tasc. Molaimid i gcónaí do Chumainn Áitritheoirí gach gníomh ar leith a shannadh do dhuine amháin ar leith; ar an gcaoi seo féadtar an obair a roinnt ar bhaill éagsúla an ghrúpa. Déan deimhin de go bhfuil taifead den phlean oibre i miontuairiscí an choiste agus go ndéantar athbhreithniú air ag gach cruinniú.

***Plean Oibre Samplach:***

*AINM AN CHUMAINN ÁITRITHREOIRÍ: ..........................................................................*

AMLÍNE PHLEANÁILTE: ............................................ DÁTA ATHBHREITHNITHE:.............

| RANNÓG | TASC / SAINCHEIST | GNÍOMH | DUINE FREAGRACH AS |
|---|---|---|---|
| Oibríochtaí | Tá na crainn éirithe fiáin agus iad ag fás amach thar na cosáin | Téigh i dteagmháil le rannóg na nOibríochtaí agus iarr orthu na crainn a ghearradh siar | Mary |
| Oibríochtaí | Tá gá le comharthaíocht 'Leanaí ag Súgradh' san eastát | Déan stocaireacht ar rannóg na nOibríochtaí le go gcuirfí roinnt comharthaí in airde sa spás glas comónta | Magda |
| Oibríochtaí | Cosán briste | Téigh i dteagmháil le rannóg na nOibríochtaí agus iarr orthu deisiú na gcosán a chur ar an sceideal | Liam |
| Oibríochtaí | Níl aon araidí bruscair san eastáit | Scríobh chuig an rannóg Oibríochtaí chun a fháil amach an féidir bosca bruscair a chur ag stad an bhus | Colm |
| Oibríochtaí / pobal | Eagraigh glanadh suas pobail chun bruscar a bhailiú atá caite timpeall an eastáit agus ansin chun bláthanna a chur | Téigh i dteagmháil le Rannóg na nOibríochtaí chun málaí agus lámhainní agus bailiú bruscair saor in aisce a chur ar fáil. Téigh i dteagmháil leis an Oifig Pobail chun cúnamh deontais a fháil chun plandaí a cheannach. Téigh i dteagmháil le Rannóg na nOibríochtaí chun barrithir a sholáthar agus chun an féar a bhaint ar an lá. | Kunle |
| Tithíocht | Tá an grúpa buartha faoin gcaoi atá ar na tithe san eastáit | Scríobh chuig an rannóg Tithíochta agus iarr orthu Cigire Tithíochta a shannadh chun athbhreithniú a dhéanamh ar chaoi na dtithe | Michael |
| Pobal | Gníomhaíochtaí do dhaoine níos óige le linn an tsamhraidh | Bunaigh grúpa áitritheoirí chun cuidiú libh tionscadal samhraidh a reáchtáil. Déan teagmháil leis an Oifig Pobail agus leis na seirbhísí áitiúla don aos óg chun tuilleadh comhairle agus tacaíochta a fháil | Siobhan |
| Pobal | Tá an grúpa buartha faoi shábháilteacht an phobail | Déan teagmháil le do Ghardaí pobail áitiúla agus le gníomhaireachtaí tacaíochta áitiúla eile faoi scéim Faire Comharsanachta a bhunú | Tom |
| Tiomsú Airgid | Tiomsaigh airgead chun clár fógraí pobail a cheannach | Iarr ar ghnóthaí áitiúla urraíocht a sholáthar | Frank |

**FixMyStreet** is an online platform for residents to report a street related issue such as potholes to cracked footpaths and broken street lights . To report, **SCAN HERE**

# Ag Reáchtáil do Chumann Áitritheoirí

## *Taifid a choimeád:*

Ba chóir leabhar taifead ar leithligh a choinneáil do chuntas do ghrúpa. Má tá córas mionairgid i bhfeidhm agaibh ba chóir leabhar cuntais ar leithligh a choinneáil chuige sin..

### *Sampla: Leabhar Íocaíochtaí Seiceanna*

| Dáta | Sonraí | Uimh. Seic | Uimh. sonrais c | Iomlán | Speansai an chruinnithe | Laethanta Pobal | Trealamh | Speansai an chruinnithe | Banc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | € | € | € | € | € | € |
| **6/01/15** | **E. Byrne** | **00098** | **78990** | **100.00** | | **100** | | | **100** |
| 8/02/15 | AJ Hardware | 00099 | 656 | 160.00 | | | 160.00 | | 160 |

**Ba chóir cóipeanna de gach sonrasc a choinneáil ar taifead le haghaidh iniúchta*

### *Sampla: Leabhar Mionairgid*

| Dáta | Sonraí | Méid | Dáta | Sonraí | F/No | Ionlán | Stáiseanóireacht | Posts | Speansas ilghnéitheach |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | € | | | | € | € | € | € |
| **01.01/15** | **Iarmhéid C/F** | **€100** | **02/01/15** | **20 Stampa** | **1/1** | **6.00** | | **6.00** | |

** Ba chóir cóipeanna de gach admháil mionairgid agus gach dearbhán a choinneáil ar taifead*

Tá sé tábhachtach go mbeadh ar a laghad triúr, ó chineálacha éagsúla teaghlaigh sásta feidhmiú mar shínitheoirí seiceanna ar an gcuntas bainc. Beidh ar bheirt as an triúr sin na seiceanna a shíniú thar ceann an Chumainn Áitritheoirí.

## *Bileog oibre samplach den Imréiteach Bainc*

- Iarmhéid Tosaigh (Ag tús na míosa)
- Méid iomlán na gcistí arna n-íoc isteach sa bhanc le linn na míosa
- Méid iomlán arna íoc amach as an gcuntas le linnna míosa
- Iarmhéid iarbhír ag deireadh na míosa

| Imréiteach iarmhéid na leabhar leis an ráiteas | | € | |
|---|---|---|---|
| 1. | Iarmhéid de réir an ráitis | | |
| 2. | Lúide na seiceanna atá fós amuigh | | |
| 3. | Móide lóisteálacha atá fós le déanamh | | |
| 4. | Iarmhéid C/F | | € |
| Ba chóir go meaitseáladh iarmhéidanna (1) agus (4) Iarmhéid Dheireadh na Míosa: | | | |



# Tacaíochtaí do Chumainn Áitritheoirí

## Scéimeanna Maoiniúcháin atá ar fáil ón Oifig Forbartha Pobail:




Cuireann an Oifig Forbartha Pobail deontais ar fáil le haghaidh tionscadal, imeachtaí agus/nó gníomhaíochtaí a chuideoidh spéis an phobail a mhúscailt san fhorbairt pobail, chun go gcuirfí chun cinn an taitneamh a bhaineann an pobal as páirt a ghlacadh in imeachtaí agus chun iad a spreagadh sin a dhéanamh agus chun cuidiú feabhas a chur ar an gcáilíocht saoil do gach áitritheoirí i gContae Fhine Gall.

Cuireann Oifig Forbartha Pobail Fhine Gall tacaíocht airgeadais ar fáil do phobail, grúpaí agus eagraíochtaí áitiúla trí mheán na scéimeanna maoiniúcháin seo a leanas:

1. **Maoiniú le haghaidh Gníomhaíochtaí**
   Clúdaíonn an scéim mhaoiniúcháin seo tionscnaimh a chuidíonn comhrac i gcoinne an eisiamh shóisialta, agus a thacaíonn le himeachtaí, comhdhálacha, seimineáir, tionscadail timpeallachta, trealamh a sholáthar, foilseacháin, taighde, trealamh spóirt agus trealamh don ghrúpa.

2. **Maoiniú le haghaidh Tionscadal Samhraidh:**
   Tacaíonn an scéim mhaoiniúcháin seo le clár maoirsithe de ghníomhaíochtaí caithimh aimsire agus oideachais do dhaoine óga le linn mhíonna an tsamhraidh. Leagtar béim ar rannpháirtíocht pobail a spreagadh agus forbairt pobail a chur chun cinn.

3. **Maoiniú le haghaidh Oíche Shamhna níos sábháilte**
   Cuidíonn an scéim mhaoinithe seo le grúpaí pobail, gníomhaíochtaí siamsaíochtaí do dhaoine óga a sholáthar, ionas nach nglacfaidh siad páirt in iomprar frithshóisialta chomh maith le teachtaireacht maidir le bheith sábháilte ar Oíche Shamhna a chur amach.

4. **Scéimeanna Maoinithe eile:**
   Bunóidh Comhairle Contae Fhine Gall scéimeanna maoinithe faoi leith a fhreagróidh ar shaincheisteanna agus riachtanais áitiúla. Foilseofar sonraí ina leith i rith na bliana ar **www.fingal.ie**

### *Oibríonn ár nOifigigh Pobail le raon leath grúpaí ar fud Fhine Gall*

**Ina measc tá:** Cumainn Áitritheoirí/tionóntaí, grúpaí bainistíochta eastáit, comhairlí pobail, tionscnaimh forbartha pobail. I measc na dtionscamh ar tugadh tacaíocht dóibh go nuige seo bhí tionscadail samhraidh, laethanta spraoi do theaghlaigh, glanadh suas agus scéimeanna feabhsúcháin timpeallachta a áiríonn clocha le hainmneacha eastáit agus gairdíní pobail




**Scéim mhaoiniúcháin do Ghníomhaíochtaí Pobail**

**SCAN ANSEO**

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi mhaoiniú gníomhaíochtaí

https://www.fingal.ie/council/service/community-grants-and-funding

# Bealaí eile chun teacht ar mhaoiniú pobail:




## Tiomsú airgid sa phobal – is féidir airgead a thiomsú do ghníomhaíochtaí do ghrúpa le haghaidh imeachtaí amhail turais do dhaoine scothaosta ó do cheantar, imeachtaí sóisialta, laethanta agus imeachtaí pobail.

Tá eagraíochtaí eile a bhfuil maoiniú agus deontais ar fáil uathu do ghrúpaí deonacha. D'fhéadfadh coinníollacha agus critéir a bheith ag gabháil leis an maoiniú sin ó thaobh cén sórt grúpa a bhfuil cead acu cur isteach air agus mar sin, ba chóir duit taighde a dhéanamh ar na critéir a ghabhann leis an maoiniú chun a chinntiú go bhfuil an maoiniú sin ábhartha do do ghrúpa.

Le haghaidh tuilleadh eolais maidir le maoiniú agus an rannóg pobail, téigh i dteagmháil le **01 890 5080** ní cuir ríomhphost chuig **community@fingal.ie**

Cuireann **Fundingpoint** bunachar sonraí ar fáil ina bhfuil deiseanna maoiniúcháin d'eagraíochtaí neamhbhrabúis chun cláir agus tionscnaimh a sholáthar go háitiúil

SCAN ANSEO

# Do Chumann Áitritheoirí agus Comhairle Contae Fhine Gall:

Mar Chumann Áitritheoirí cláraithe, is féidir leat do thuairimí a chur in iúl do bhaill an Chumainn faoi shaincheisteanna ar cúis imní duitse iad agus a bhaineann le do cheantar/do shráid.

## *Cruinniú toscaireachta*

Is deis é cruinniú Toscaireachta do Chumann Áitritheoirí/Ghrúpa Pobail dul i ngleic go díreach le saincheisteanna faoi leith ar cúis imní iad go háitiúil, le hOifigigh na Comhairle agus le Baill Tofa araon. Déanann gach limistéar cruinniú a óstáil uair sa mhí díreach roimh an gCruinniú Coiste Limistéir.

De ghnáth, baineann na saincheisteanna le sábháilteacht ar bhóithre laistigh den eastáit, le hiompar frithshóisialta, le sábháilteacht pobail, le ceantair ghlasa a chothabháil, le bruscar agus le glanadh suas i ndiaidh madraí etc.

Ní féidir saincheisteanna a phlé murar thóg Comhairle Contae Fhine Gall faoi chúram iad, ná iarratais maidir le limistéir a thógáil faoi chúram, cúrsaí pleanála, láithreáin tréigthe, eastáit tionsclaíochta tráchtála agus cothabháil tithe.

**Chun cáiliú do chruinniú Toscaireachta, ní mór do ghrúpaí na nithe a leanas a chomhlíonadh**

(a) Bheith cláraithe ar Chlár Contae Phobal Fhine Gall nó ar PPN agus

(b) Bheith faoi chúram na Comhairle más Cumann Áitritheoirí iad.

## *Do chruinniú toscaireachta*

Mí amháin ar a laghad roimh an gcruinniú Toscaireachta is gá don Chumann Áitritheoirí liosta míreanna a chur isteach a bheidh le plé (suas le 5 mhír). Is gá na míreanna sin atá le plé sonraí cúlra a áireamh maidir leis an tsaincheist agus iad a chur tríd an ríomhphost.

Déantar clár oibre a dhréachtú de mhíreanna tosaíochta a bheidh le plé. Ansin scaiptear an clár oibre sin ar an bhfoireann chuí. Scaiptear an clár oibre agus na sonraí chuig na Comhairleoirí don cheantar i gceist. Le linn an chruinnithe déantar gach mír ar an liosta a phlé go sonrach agus i gcás gur féidir é aontaítear ar ghníomh chun dul i ngleic leis.

Is é cúigear an t-uasmhéid a cheadaítear freastal ar thoscaireacht agus is gnách go maireann an cruinniú thart ar 40 nóiméad.

Chun Cruinniú Toscaireachta a iarraidh do do ghrúpa, cuir ríomhphost chuig an Rannóg Pobail ag **community@fingal.ie** nó ar an bhfón **01 890 5080**





*Tá an foilseachán seo ar an gceathrú eagrán de Lámhleabhar Cumainn Áitritheoirí 2025*
*Arna maoiniú ag:*


**Comhairle Contae Fhine Gall, An Rannóg Pobail, Cultúir & Spóirt,**
**Bóthar an Gharráin, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15.**



**An Rannóg Tithíochta & Forbartha Pobail**
**Comhairle Contae Fhine Gall, Oifig Chathartha,**
**Bóthar an Gharráin, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath**
**15, D15 W638.**

**Teil: 01 890 5080**
**Ríomhphost: community@fingal.ie**


**@fingalcommunity**

**fingalcommunitydev**

**Rannóg Forbartha Pobail Fhine Gall**